Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2017
(OR. en)

12325/17
ADD 2 REV 1

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0287 (COD)**

CODEC 1418
TELECOM 217
FC 72

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 maidir le nascacht idirlín a chur chun cinn i bpobail áitiúla (an chéad léamh)<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>= Ráitis |

**Ráiteas comhpháirteach ón tSualainn, ón Spáinn agus ón Ísiltír**

Dar leis an tSualainn, leis an Spáinn agus leis an Ísiltír, is den tábhacht go mbeadh rochtain le fáil ar chumarsáid leictreonach. Ach baineann deacracht leis an méid seo: ní dhearnadh aon mheasúnú tionchair fós ar na héifeachtaí fadtéarmacha a bheadh ag an togra ar an iomaíochas agus ar an bhfonn a bheadh ar infheisteoirí infheistiú a dhéanamh. Is léir sin go háirithe ós rud é go mbeidh gá le hinfheistíocht shuntasach chun na dálaí a chruthú faoinar féidir clúdach 5G a chur ar fáil san Eoraip amach anseo. Creideann an tSualainn, an Spáinn agus an Ísiltír freisin gur ar an leibhéal náisiúnta is ceart déileáil leis an gcineál sin rialála agus maoiniúcháin ionas nach féidir leosan, dá bhrí sin, tacú leis an togra.

**Ráiteas ó Phoblacht na Seice**

Tacaíonn Poblacht na Seice leis an gcuspóir foriomlán atá leis an tionscnamh WiFi4EU, agus maidir leis an méid sin, iarrann sí ar an gCoimisiún gan aon dúbailt a bheith ann le tairiscintí poiblí nó príobháideacha eile a dhéantar ar bhonn tráchtála agus cur chun cinn na nascachta idirlín á cur chun feidhme aige i bpobail áitiúla.